**A ndúirt an tUachtarán Metsola ag an gComhairle Eorpach urghnách**
***Dé Máirt, an 17 Deireadh Fómhair 2023***

Ba mhaith liom tosú trí mo chomhbhrón a chur in iúl d'Ulf agus mo bhuíochas a chur in iúl d'Alexander. Bhí an t-ionsaí sceimhlitheoireachta sa Bheilg aréir go hainnis agus ba mhaith liom cuimhneamh ar na híospartaigh agus ómós a thabhairt do na chéad fhreagróirí Beilgeacha, a bhfuil sárjab déanta acu.

Sa tslí chéanna, chuireamar ár gcomhbhrón in iúl i bParlaimint na hEorpa do theaghlach agus do ghaolta Dominique Bernard a maraíodh sa Fhrainc an tseachtain seo caite.

Tá an staid in Iosrael, i nGaza agus sa Mheánoirthear i gcoitinne ina ábhar mór imní dúinn go léir. Tá cúrsaí uafásach, tragóideach agus éadóchasach.

Is ifreann cogadh mar bíonn beatha shoineanta i gceist i gcónaí. Cailleadh daoine soineanta agus is rogha an dá dhíogha go leor cinntí.

An 7 Deireadh Fómhair, tharla an t-ionsaí sceimhlitheoireachta ba mheasa in Iosrael le blianta fada. Dhein Hamas oll-dhúnmharú, fuadach, éigniú, céasadh, ciorrú coil agus truailliú na marbh. Níl aon leithscéal ann dósan.

Sa Pharlaimint léiríomar ár ndlúthpháirtíocht leis na híospartaigh agus chuireamar i bhfios go láidir gur ghrúpa sceimhlitheoireachta é Hamas; ní dhéanann sé ionadaíocht ar mhianta dlisteanacha mhuintir na Palaistíne, anuas air sin, ní léiríonn sé dóchas na Moslamach ar fud an domhain - cuireann sé bac air. Is idirdhealú é sin atá déanta againn i gcónaí agus nach mór dúinn a choinneáil i bhfios go láidir.

Mar Aontas, ní mór ár ndlúthpháirtíocht a chur in iúl, go ndiúltaímíd in athuair don sceimhlitheoireacht, go gcabhraímid le beagnach 200 giall a scaoileadh saor agus go gcuirimid i bhfios go láidir gur cás linn go léir an tslí a fhreagraíonn Iosrael don ionsaí. Ní mór dúinn béim a chur ar an bhfíoras nach mór dúinn leanúint de réitigh a lorg a mhaolaíonn na hiarmhairtí daonnúla i nGaza i gcomhréir lenár n-oibleagáidí agus leis an dlí idirnáisiúnta.

Fiú sna tréimhsí is deacra, bíonn agus beidh Parlaimint na hEorpa i gcónaí ag brú ar son réiteach dhá stát atá cothrom agus cóir. Ní féidir linn ár súile a bhaint de sin. Brúfaimid de shíor ar son na síochána inbhuanaithe agus marthanaí. Faraor,

is é fírinne an scéil ná gur bhrúigh gníomhartha gránna sceimhlitheoirí Hamas an t-ionchas seo níos faide ar shiúl.

Inniu, tá cás Ghaza fós in anbhroid. Ní mór d’oibleagáidí daonnúla na hEorpa a bheith mar thosaíocht i gcónaí agus ní mór dúinn leanúint de labhairt le hionadaithe dlisteanacha mhuintir na Palaistíne agus le gníomhaithe réigiúnacha chun teannas sa réigiún agus máguaird a mhaolú.

Mar Aontas dhíreoimis ar bheith comhleanúnach agus aontaithe chun a áirithiú go scaoilfí gialla saor gan choinníoll, nach maitear don sceimhlitheoireacht, go sroicheann cabhair dhaonnúil na daoine sin atá i ngátar, nach ndírítear ar shibhialtaigh, go gcoimeádtar slite sábháilte i nGaza agus go gcruthaítear conairí daonnúla. Chuige sin ní mór dúinn teagmháil a choinneáil le tíortha máguaird chun ligint don sruth dosheachanta daoine agus cúnaimh gluaiseacht. Sa chás seo tá ról ríthábhachtach ag an Éigipt, an Iordáin agus an Liobáin go háirithe.

Shoiléirigh mé an pointe seo nuair a tugadh cuireadh dom cuairt a thabhairt ar Iosrael an tseachtain seo caite i mo chomhráite agus inár ráitis phoiblí le Cainteoir an Knesset agus freisin le hUachtarán na tíre.

Is mar sin a dhéanfaidh ár bParlaimint díospóireacht ar an gceist seo amárach agus aontóidh sí ar réiteach. Is í bunchloch an rúin an sainordú a thug na grúpaí polaitiúla ar fad dom sula ndeachaigh mé go hIosrael an tseachtain seo caite.

Is féidir libh brath orainn gach ní a dhéanamh agus táim cinnte go leanfar den phlé seo an tseachtain seo chugainn sa Chruinniú Mullaigh agus tá súil agam go mbeidh na pointí a dhéanfaimid le feiceáil sna conclúidí sin freisin. Tá sé tábhachtach go bhfeicfidh daoine ár n-aontacht agus ár gcomhleanúnachas.

Go raibh maith agaibh.